



Bileog faisnéise ar Scagthástáil Ceirbheacs

Cad é scagthástáil ceirbheacs?

Bealach atá i scagthástáil ceirbheacs (tástáil smearaidh) chun cealla neamhghnácha a bhrath sa cheirbheacs (muineál na broinne). Tugtar cealla réamhailseacha ar chealla neamhghnácha, amanna, chomh maith.

Mura mbraitear iad, d'fhéadfadh na cealla neamhghnácha seo forbairt ina n-ailse cheirbheacs agus is féidir cosc a chur ar ailse trí iad a bhaint, dá bharr. Meastar gur féidir le scagthástáil ceirbheacs rialta cosc a chur ar 75% de chásanna ailse cheirbheacs.

Ní tástáil diagnóisice atá i scagthástáil. Cosúil le gach scagthástáil, tugtar fúthu ar dhaoine ar dealraitheach go bhfuil siad sláintiúil. Ní bhíonn aon siomptóim acu. Féachann scagthástáil lena dheimhniú an bhfuil aon chealla neamhghnácha ann sa cheirbheacs, chun gur féidir iad a bhaint chun cosc a chur ar ailse cheirbheacs a fhorbairt.

Cad atá i gceist le scagthástáil ceirbheacs?

Glacann DG (dochtúir) nó altra sampla de chealla ó do cheirbheacs. D'fhéadfadh seo a bheith beagán míchompordach ach níor cheart go mbeadh sé pianmhar. Ní ghlacann sé ach cúpla nóiméad. Seoltar an sampla chuig saotharlann atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta. Scrúdaítear é faoi mhicreascóp agus más gá, déantar tástáil air, chomh maith, i dtaobh láithreach HPV (papalómaivíreas daonna).

Saghsanna áirithe den HPV is cúis le cealla neamhghnácha sa cheirbheacs. Víreas an-choitianta atá in HPV. Beidh sé ar bheagnach gach duine ag tráth éigin ina saol. Is é víreas HPV an phríomhchúis le hailse cheirbheacs.

Cad iad na tairbhí a bhaineann le scagthástáil ceirbheacs?

Is féidir le scagthástáil ceirbheacs rialta:

- saol a shábháil
- athruithe neamhghnácha a bhrath ar chealla an cheirbheacs nuair a is éasca cóir leighis a chur orthu
- cabhrú le hathruithe neamhghnácha a bhrath sula dtagann forbairt ar shiomptóim

Is é cealla neamhghnácha a bhrath go luath an bealach is fearr chun cosc a chur ar ailse cheirbheacs. Seo an fáth go bhfuil sé tábhachtach tabhairt faoi scagthástálacha rialta.

Ó thosaig CervicalCheck in 2008:

- tugadh faoi bhreis agus 3 milliún scagthástáil
- tá titim tagtha ar an líon ban a fhorbraíonn ailse cheirbheacs
- braitheadh breis agus 100,000 cás de chealla neamhghnácha ceirbheacsacha, a bhféadfadh forbairt ina n-ailse teacht ar go leor díobh mura mbraitheadh iad trí scagthástáil agus murar cuireadh cóir leighis orthu, sa chás gur cú

Cén teorainneacha atá ar scagthástáil ceirbheacs?

Is iad príomhtheorainneacha na scagthástála:

- ní chuirfidh scagthástáil ceirbheacs cosc ar gach cás d'ailse cheirbheacs
- forbróidh roinnt ban ailse cheirbheacs fós féin in ainneoin scagthástáil rialta
- b'fhéidir nach n-aimseofar roinnt athruithe neamhghnácha ar chealla

Má dhéantar scagthástáil ar 1,000 bean, beidh cealla neamhghnácha ceirbheacs ag thart ar 20 díobh. Braithfear na cealla seo i measc thart ar 15 bhean trí scagthástáil. Ní bhraithfear na cealla seo i measc thart ar chúigear ban trí scagthástáil agus d'fhéadfaidís ailse cheirbheacs a fhorbairt.

Cén fáth nach n-aimsítear roinnt rudaí neamhghnácha?

Ní aimseofar rudaí neamhghnácha amanna mar gheall ar an méid seo a leanas:

- ní bhíonn cuma mórán difriúil orthu, amanna, ó ghnáthchealla
- d'fhéadfadh go bhfuil roinnt bheag cealla ann sa sampla
- b'fhéidir nach n-aimseoidh an duine a léann do shampla an rud neamhghnách (tarlaíonn seo ó am go ham, is cuma cé chomh taithíoch atá an léitheoir.)

Glacann sé go leor blianta ar ailse cheirbheacs a fhorbairt, mar sin, is féidir cealla neamhghnácha nach n-aimsítear i rith scagthástáil amháin a bhrath sa chéad cheann eile.





Bileog faisnéise ar Scagthástáil Ceirbheacs

Seo an fáth ba cheart duit freastal i gcónaí ar do scagthástáil ceirbheacs nuair a thagann sé aníos.

Cad a thugann mo thorthaí le fios?

Tabharfaidh do thorthaí tástála le fios go bhfuil rudaí mar is gnách nó neamhghnách. Tugann

formhór na dtorthaí tástála le fios go bhfuil rudaí mar is gnách. Má fhaigheann tú toradh neamhghnách, ní chiallaíonn sé go bhfuil ailse cheirbheacs ort. Féadfaimid thú a mholadh chun tabhairt faoi cholpascópacht – scrúdú mionsonraithe ar do cheirbheacs – i gclinic othar seachtrach.

Torthaí dearfacha agus diúltacha bréagacha

Bíonn torthaí tástála míchruinn, amanna. Tugaimid ‘torthaí dearfacha bréagacha’ agus ‘torthaí diúltacha bréagacha’ orthu seo. Ní féidir torthaí dearfacha bréagacha agus torthaí diúltacha bréagacha a sheachaint. Tarlaíonn siad i ngach clár scagthástála.

Torthaí dearfacha bréagacha

B’fhéidir go ndéanfaí a thabhairt le fios go bhfuil toradh dearfach (cealla neamhghnácha), fiú cé nár tháinig aon athruithe ar chealla an cheirbheacs. B’fhéidir go dtabharfaidh ‘toradh dearfach bréagach’ le fios go ndéanfar imscrúduithe breise ort a dheimhneoidh, ar deireadh, nach raibh aon bhaol i dtaobh ailse ann ag an tráth sin.

Torthaí diúltacha bréagacha

Is féidir a thabhairt le fios go bhfuil toradh diúltach (gnáthchealla), fiú cé go bhfuil cealla neamhghnácha sa cheirbheacs.

D’fhéadfadh ‘toradh diúltach bréagach’ a thabhairt le fios nach bhfuil imscrúduithe breise le déanamh ort nuair a d’fhéadfadh baol i dtaobh ailse a bheith ann ag an tráth sin. Ar an ábhar sin, fiú má fhaigheann tú gnáth-thoradh tástála, b’fhéidir gur baol duit i dtaobh ailse cheirbheacs a fhorbairt amach anseo.

Mar gheall air seo, is tábhachtach go bhfreastalaíonn tú ar scagthástáil ceirbheacs gach uair ba cheart duit agus aird a thabhairt i gcónaí ar shiomptóim fhéideartha. Is féidir leat léamh faoi shiomptóim sa bhileog a sheolamar chugat agus ar hse.ie/cervicalcheck

Do thoiliú a thabhairt

Gach uair a dhéantar scagthástáil ceirbheacs ort, iarrfaimid ort do thoiliú a thabhairt trí ‘Foirm Scagthástála Ceirbheacs’ a shíniú. Mura féidir leat an fhoirm a shíniú, iarrfar ort do thoiliú a thabhairt ó bhéal nó trí mharc a dhéanamh ar an bhfoirm i láthair dochtúra nó altra.

Déantar seo leis an méid seo a leanas dheimhniú:

- cuireadh thú ar an eolas ar scagthástáil ceirbheacs agus na tairbhí agus teorainneacha a bhaineann leis
- tuigeann tú an t-eolas seo
- sheiceáil tú go bhfuil d’ainm, seoladh agus sonraí eile i gceart – déantar seo lena chinntiú go bhfuil do sheoladh reatha againn chun cumarsáid a dhéanamh leat
- a cheadú dúinn chun d’eolas pearsanta agus do stair scagthástála a fháil, a choimeád agus a mhalartú leo siúd a sholáthraíonn an clár

Cuimhnigh: Ní féidir ach leatsa do thoiliú a thabhairt chun a bheith páirteach sa chlár. Caithfidh tú toiliú a thabhairt sula ndéantar do scagthástáil ort. Is féidir leat do thoiliú a aistarraingt ag aon tráth trí theagmháil a dhéanamh linn ar Shaorghlao 1800 45 45 55 nó ríomhphost a sheoladh chuig info@cervicalcheck.ie

Ciallaíonn seo nach ndéanfaimid teagmháil leat faoin gClár Scagthástála Ceirbheacs amach anseo.

Conas a úsáidimid do shonraí pearsanta

Déanann CervicalCheck d’fhaisnéis phearsanta (ainm, seoladh, uimhir ghutháin, dáta breithe, UPSP) agus do stair scagthástála ceirbheacs a ghlacadh agus a stóráil. Baineann do stair scagthástála ceirbheacs le do rannpháirtíocht in CervicalCheck. Is féidir le torthaí tástála smearaidh agus HPV, freastal ar cholpascópacht, cóireálacha agus torthaí bithóipse (sampla tástála) a bheith san áireamh ann.

Úsáidimid d’fhaisnéis chun teagmháil a dhéanamh leat faoin uair a bheidh ort freastal ar do scagthástáil nó nuair a bhíonn do thorthaí ar fáil. Chomh maith leis sin, malartaímid d’fhaisnéis le seirbhísí sláinte eile a sholáthraíonn an clár.





Bileog faisnéise ar Scagthástáil Ceirbheacs

Áirítear leis seo an dochtúir nó an altra a dhéanann do scagthástáil, an tsaotharlann, na clinicí colpascópachta agus Clárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann.

Déantar é seo lena chinntiú go bhfuil taifead cruinn againn ar do stair scagthástála. Is féidir linn do shampla scagthástála a úsáid sa mhúinteoireacht, in athbhreithnithe agus iniúchtaí agus chun cáilíocht agus éifeachtacht an Chláir Scagthástála Ceirbheacs a sheiceáil. Chomh maith leis sin, is féidir linn d'fhaisnéis a úsáid chun cuireadh a thabhairt duit chun páirt a ghlacadh i dtaighde.

Is fútsa a bhíonn sé páirt a ghlacadh nó gan páirt a ghlacadh. Ní úsáidfimid d'ainm in aon tuarascálacha, nuair a bhímid ag múineadh nó i mbun athbhreithnithe. Coimeádfaimid d'fhaisnéis phearsanta sábháilte agus faoi rún, ar aon dul le rialacháin reatha um chosaint sonraí.

Beidh teacht iomlán agus oscailte agat ar d'fhaisnéis phearsanta a choimeádann CervicalCheck, ach é sin a iarraidh. Is tábhachtach go gcuireann tú CervicalCheck ar an eolas má thagann athrú ar do shonraí. Lena dheimhniú conas teacht ar do thaifid, caith súil ar hse.ie/cervicalcheck

Conas a chuirfear mo thorthaí tástála in iúl dom?

Seolfar torthaí do scagthástála chuig do dhochtúir nó clinic. Chomh maith leis sin, scríobhfaimid chugat le thú a chur ar an eolas faoi cathain a bheidh do thorthaí ar fáil. Cuirfear in iúl sa litir a sheolaimid chugat an méid ba cheart duit a dhéanamh.

Cumarsáid a dhéanamh leat

Déanfaimid cumarsáid leat ar bhealach oscailte, ionraic, tráthúil agus trédhearcach sna cásanna seo a leanas:

- téann rud éigin mícheart le do chúram
- déantar díobháil duit mar thoradh ar do chúram
- ceapaimid go bhféadfadh go ndearnadh díobháil duit

Ciallaíonn seo go gcoimeádfaimid thú go hiomlán ar an eolas ar na fíricí agus na sonraí a bhaineann le do rannpháirtíocht sa Chlár Scagthástála Ceirbheacs.

Chun teacht ar shonraí iomlána, caith súil ar hse.ie/cervicalcheck



An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála
National Screening Service


CervicalCheck
AN CLÁR NÁISIÚNTA SCAGTHÁSTÁLA CEIRBHEACS
THE NATIONAL CERVICAL SCREENING PROGRAMME